



Comhairle Chontae na Gaillimhe  
Galway County Council



# DRAMHAÍL BIA A CHOSC SAN ÁIT OIBRE

Tá feidhm leis na Rialacháin um Dramhaíl Bia (IR 508 de 2009) in Éirinn ón 1 Iúil 2010. Leis na Rialacháin, éilítear ar an earnáil tráchtála dramhaíl bia a dheighilt agus é chur in araid faoi leith agus a chinntiú nach ndéanfar é a mheascadh le haon dramhaíl eile. Caithfidh bailitheoir údaraithe an dramhaíl bia a bhailiú agus caithfear déileáil leis trí mhúiríníú nó trí phróiseas athchúrsála ceadaithe eile. Nó, is féidir le gnólachtaí an dramhaíl bia a iompar go díreach chuig planda múiríníú nó is féidir leo féin é a chóireáil trí aonad múirínithe a shuiteáil san áitreabh a ngintear an dramhaíl, má bhíonn an ceadúnú a theastaíonn uathu acu.

## I BHFOCLA EILE... NÍ FÉIDIR LE IONAI LÓNADÓIREACHTA BEATHA A CHUR SA GNÁTH BOSCA DRAMHAÍOLA AS SEO AMACH

BREIS EOLAIS LE FÁIL Ó:  
Sinéad Ní Mhainnín nó Mark Molloy  
An Rannóg Timpeallachta  
Cemhairle Chontae na Gaillimhe

Teil: 091 509 510  
E-phost: snimhain@galwaycoco.ie

Páipéar ó fhoroaisí inbhuanaithe



# CAD A DHÉANANN SUAS COSTAIS DHRAMHAÍL BIA?

Is cur amú acmhainní luachmhara é an bia a chaithimid amach, mar go bhfuil sé daor le ceannach agus le diúscairt. Tá lorg carbóin ard ag bia mar gheall ar an méid fuinnimh a thógann sé chun é a fhás, é a shaothrú, a iompar, a phróiseáil, a phacáistiú, a ullmhú agus a dhíol.

## DRAMHAÍL BIA A CHOSC

Is iad bainistiú ceart maidir le stoc bia (íosmhéid stoic a ordú, stoc a rothlú), biachláir a phleanáil agus codanna a rialú iad na réimsí is tábhachtaí chun dramhaíl bia lónadóireachta a íoslaghdú. Ceann de na saincheistanna is tábhachtaí maidir le dramhaíl a chosc is ea baill foirne a oiliúint agus a spreagadh. Ní mór gach ball foirne a chur ar an eolas maidir leis na nósanna imeachta agus na céimeanna ar chóir a ghlacadh:

- » Caithfidh na bainisteoirí a bheith tiomanta acmhainní a chur ar fáil
- » Ba chóir foireann ghlas a bhunú
- » Ba chóir baill foirne a chur ar an eolas maidir le coigiltí agus feabhsúcháin a dhéantar

Déanfar baill foirne a spreagadh chun tuilleadh coigiltí a dhéanamh má fheiceann siad feabhsúcháin á ndéanamh i ndáiríre.

## COIGILT MAIDIR LE COSTAIS

Is féidir go leor airgid a choigilt trí dhramhaíl bia lónadóireachta a laghdú i saoráid lónadóireachta. Meastar go gcosnaíonn gach tonna de dhramhaíl bia a tháirgtear idir €2,000 - €3,000 ar ghnólacht.

Tá roinnt costas eile le cur san áireamh nuair a bhíonn an costas a bhaineann le dramhaíl bia a dhiúscairt á mheas:

- » An costas a bhain leis na hamhábhair a cheannach ar dtús
- » An costas a bhain leis an mbia a iompar
- » An costas a bhain leis an mbia a stóráil
- » An costas a bhain leis an mbia a ullmhú agus a chócaráil
- » An costas a bhain leis an dramhaíl bia

## IS CUR AMÚ ACMHAINNÍ LUACHMHARA É AN BIA A CHAITHIMID AMACH.

## IS FÉIDIR LE DEA-BHAINISTIÚ NA MÍLTE EURO A SHABHÁIL.